

Iarratas ar Chlárúchán
Feithiclé a bhfuil a Ré CaiteComhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County CouncilEnd of Life Vehicles
Application Form for
Registration

Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith

This form is also available in large print

Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclé a bhfuil a Ré Caite) 2006 I.R. Uimh. 282 de 2006
Iarratas ar Chlárúchán Faoi Airteagal 11(1) nó Airteagal 11(8)**Roinn 1 – Mionsonraí Faoin Táirgeoir**

Ainm an Táirgeora	
Ainm Cláraithe an Táirgeora	
Seoladh an Táirgeora	
Seoladh Cláraithe an Táirgeora	
Uimh. Dheimhniú Corpraithe an Táirgeora	
Uimh. Theileafóin an Táirgeora	
Uimh. Facs an Táirgeora	
Seoladh Ríomhphoist an Táirgeora:	

Tabhair na mionsonraí iomchuí go léir a éilítear i *Roinn 1 – Mionsonraí faoin Táirgeoir* maidir le príomháit ghnó an táirgeora, más rud é nach cuideachta chláraithe an táirgeoir.**Roinn 2 Feithiclé a Chuirtear ar an Margadh**

Suíomh an áitribh ar ann nó uaidh a dhéantar, nó a dhéanfar, feithiclé sonraithe, ar feithiclé de chuid bhranda an táirgeora iad nó ar feithiclé iad a bhfuil freagracht ag an táirgeoir astu, a chur ar an margadh i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe -

Ainm	Seoladh
(i)	
(ii)	
(iii)	
(iv)	
(v)	

(vi)	
An Líon Measta Feithiclí Sonraithe a chuirtear ar an margadh i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe:	
An Líon Measta Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus atá ann i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe:	

Baineann na sonraí a éilítear faoi *Roinn 2 – Feithiclí a Chuirtear ar an Margadh* leis an tréimhse ar maidir léi a bheidh feidhm ag an iarratas ar chlárúchán.

Roinn 3 – Saoráidí Cóireála Údaraithe

Ainm	
Seoladh	
Cód Poist	
Uimh. Theileafóin	
Uimh. Facs	
Seoladh Ríomhphoist	
Uimh. An Cheada/Cheadúnais Dramhaíola	
Uimh. An Cheada Bailithe Dramhaíola: (más infheidhme)	
Meánfhad measta a bheadh le taisteal ag úinéir cláraithe feithicle a bhfuil a ré caite chun an fheithicil sin a thaisceadh i saoráid i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe:	
Fad uasta measta a bheadh le taisteal ag úinéir cláraithe feithicle a bhfuil a ré caite chun an fheithicil sin a thaisceadh i saoráid i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe:	

Ní mór Roinn 3 – Saoráidí Cóireála Údaraithe a chomhlánú i leith gach saoráide cóireála údaraithe ar cuid de chóras náisiúnta bailithe an tairgeoira í agus atá suite i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Roinn 4 – Ceangaltáin & Dearbhú

(i) Srian maidir le húsáid Substaintí Contúirteacha

Le hairteagal 11(2)(a) de na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)* ceanglaítear ar an tairgeoir dearbhú sínithe a chur i gceangal leis an iarratas ar chlárúchán chun daingniú a dhéanamh maidir le hábhair agus comhchodanna de chuid feithiclí sonraithe a chuirtear ar an margadh sa Stát, is é sin le rá, feithiclí de chuid bhranda an tairgeoira sin nó feithiclí a bhfuil an tairgeoir sin freagrach astu, ar daingniú é á rá nach bhfuil luaidhe, mearcar, caidmiam ná cróimiam heicsifhiúsach ann sna hábhair ná sna comhchodanna sin seachas sna cásanna a shonraítear in airteagal 28 de na Rialacháin réamhráite nó sa *Cheathrú Sceideal* a ghabhann leis na Rialacháin sin. Moltar go ndéanfaidh Príomhfheidhmeannach nó

Cathaoirleach na cuideachta, nó úinéir an ghnó más rud é nach cuideachta é, an dearbhú sin a shíniú.

(ii) Plean Forfheidhmiúcháin

Ní mór plean trí bliana forfheidhmiúcháin a chur ag gabháil le hiarratas an tairgeora ar chlárúchán. Is ceart na bearta a bheartaíonn an tairgeoir a dhéanamh le go gcomhlíonfar na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)* a shonrú sa phlean, lena n-áirítear, go háirithe, na bearta a bheartaíonn an tairgeoir a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil agus a aisghabháil go cuí i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is é sin le rá, feithiclí de chuid bhlanda an tairgeora sin nó feithiclí a bhfuil an tairgeoir sin freagrach astu. Tabharfaidh an tairgeoir daingniú á rá go ndéanfar an plean a chur ar fáil saor in aisce, de réir airteagail 17(3) agus 17(4) de na Rialacháin réamhráite, d'aon duine a iarrann é.

(iii) An Dlí a bhaineann le hlomaíocht

De réir airteagal 11(2)(c), soláthróidh an tairgeoir gealltanais i scríbhinn á rá nach ndéanfaidh an tairgeoir, chun forálacha na *Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)* a chomhlíonadh, aon socruithe ná comhaontuithe a chur i gcrích le haon oibreoir eacnamaíoch –

(a) ar socruithe nó comhaontuithe iad a thoirmisctear le halt 4(1) den *Acht Iomaíochta 2002 (Uimh. 14 de 2002)* nó, de réir mar is cuí, le hairteagal 81 de *Chonradh na Róimhe*, nó de réir mar is cuí,

(b) ná nach ngníomhóidh sé nó sí ar mhodh a thoirmisctear le halt 5(1) den *Acht Iomaíochta 2002 (Uimh. 14 de 2002)* nó, de réir mar is cuí, le hairteagal 82 de *Chonradh na Róimhe*.

Moltar go ndéanfaidh Príomhfheidhmeannach nó Cathaoirleach na cuideachta, nó úinéir an ghnó más rud é nach cuideachta é, an gealltanais i scríbhinn a shíniú.

(iv) Acmhainn Chóras Náisiúnta Bailithe an Tairgeora

Tíolacfaidh tairgeoir dearbhú i scríbhinn chun a dhaingniú, maidir leis na saoráidí cóireála údaraithe ar cuid de chóras náisiúnta bailithe an tairgeora iad i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe, go bhfuil dóthain acmhainne acu chun cóireáil a dhéanamh ar an líon iarbhír feithiclí a bhfuil a ré caite agus is dóigh a bheidh ann i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa tréimhse lena mbaineann an t-iarratas ar chlárúchán. Moltar go ndéanfaidh Príomhfheidhmeannach nó Cathaoirleach na cuideachta, nó úinéir an ghnó más rud é nach cuideachta é, an dearbhú sin a shíniú.

(v) Táille Chlárúcháin

Faoi airteagal 11(2)(e) de na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)*, ní mór táille chlárúcháin a bheith in éineacht le hiarratas a chuirtear chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe chun clárúchán. Is mar a leanas atá an táille chlárúcháin a fhorordaítear faoi na Rialacháin réamhráite

- (a) €1,000 i leith tairgeora a raibh a láimhdeachas bliantúil níos lú ná €50,000,000 nó a raibh a láimhdeachas bliantúil comhionann leis an méid sin, nó de réir mar is cuí,
- (b) €2,500 i leith tairgeora a raibh a láimhdeachas bliantúil níos mó ná €50,000,000 ach a raibh a láimhdeachas bliantúil níos lú ná €100,000,000 nó comhionann le €100,000,000, nó de réir mar is cuí,
- (c) €6,000 i leith tairgeoirí a raibh a láimhdeachas bliantúil níos mó ná €100,000,000.

Is é atá i láimhdeachas bliantúil tairgeora ná an láimhdeachas sa tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin nó an

láimhdeachas réamh-mheasta don chéad dá mhí dhéag gnó más iontrálaí nua sa mhargadh é an táirgeoir. Déanfar deimhniú ó dhuine neamhspleách atá cáilithe chun bheith ina iniúchóir a chur ag gabháil leis an iarratas ar chlárúchán, ar deimhniú é ina ndeimhnítear láimhdeachas bliantúil an táirgeora.

Faoi airteagal 11(6)(d) de na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)*, chun críocha iarratais ar chlárúchán, beidh feidhm ag táille chlárúcháin €1,000 maidir le táirgeoir – (I)a raibh a láimhdeachas bliantúil níos lú ná €1,000,000 nó comhionann leis an méid sin, agus (II)a chuir níos lú ná 10 bhfeithicil shonraithe ar an margadh sa Stát

sa tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin agus a bhfuil a (h)oifig chláráithe, más cuideachta an táirgeoir sin, nó a p(h)ríomháit ghnó, más rud é nach cuideachta an táirgeoir sin, suite i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mór do tháirgeoir ar mian leis nó léi leas a bhaint as airteagal 11(6)(d) de na Rialacháin réamhráite a thaispeáint go bhfuil comhaontú nó socruithe déanta aige nó aici le táirgeoir eile chun a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)* a chomhlíonadh go comhpháirteach.

Ní mór ceangaltáin a bheith ag gabháil le hiarratas ar chlárúchán, is é sin le rá, ceangaltáin i bhfoirm dearbhuithe i scríbhinn i leith an srian maidir le húsáid substaintí contúirteacha a chomhlíonadh, i leith cloí leis an dlí a bhaineann le hiomaíocht, i leith acmhainn chóras náisiúnta bailithe an táirgeora agus i leith láimhdeachas bliantúil. De bhreis air sin, ní mór plean trí bliana forfheidhmiúcháin a bheith ann in éineacht leis an iarratas ar chlárúchán de réir cheanglais airteagail 11(2)(b) de na *Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)*.

DE RÉIR AIRTEAGAL 11(9) DE NA RIALACHÁIN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA (FEITHICLÍ A bhFUIL A RÉ CAITE) 2006 (I.R. UIMH. 282 DE 2006), DÉANFAR AON ATHRUITHE AR AN bhFAISNÉIS A SHOLÁTHRAÍTEAR SAN FHOIRM SEO A CHUR IN IÚL DO CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE LAISTIGH DE 10 LÁ OIBRE ÓN TRÁTH A DHÉANTAR NA hATHRUITHE SIN. DEARBHAÍM LEIS SEO GO nDEARNADH AN FHAISNÉIS AGUS NA SONRAÍ ATÁ TUGTHA SAN IARRATAS SEO AR CHLÁRÚCHÁN A THAIFEADADH MAR FHAISNÉIS AGUS MAR SHONRAÍ ATÁ FÍOR AGUS CRUINN.

Síniú:		Dáta:	
An Post a Shealbhaítear sa Chuideachta:			

Seol an fhoirm ar ais chuig: Ionad timpeallachta Comhairle Chontae na Gaillimhe Áras an Chontae Cnoc na Radharc Gaillimh	Return to: Environment Unit Galway County Council Áras an Chontae Prospect Hill Galway	Tel (091) 509510 Fax (091) 769590 environment@galwaycoco.ie www.gaillimh.ie www.galway.ie
---	---	--